Aighneacht Gaeloideachas

Ráiteas Straitéise 2023-2025 An Roinn Oideachais

Cuid 1: Fís, Misean agus Luachanna

Is í an Fhís atá againn faoi láthair ná: Córas oideachais ina mothaíonn gach leanbh agus duine óg go bhfuil luach air agus ina dtacaítear leis agus ina ndéantar é a chothú go gníomhach chun a lánacmhainneacht a bhaint amach I do thuairim, an léiríonn sé seo go cuí an uaillmhian don chóras oideachais in Éirinn? An bhfuil gnéithe breise le breithniú ar mhaith leat a chur san áireamh?
Aontaítear go léiríonn an ráiteas thuas uaillmhian cuí don chóras oideachais in Éirinn. Maidir le gnéithe breise molann Gaeloideachas go ndéantar féiniúlacht an pháiste / scoláire a cheiliúradh, idir chultúr, teanga, oidhreacht, sóisialta, inscne. Leagtar amach roinnt moltaí eile inmholta: Córas oideachais a chothaíonn timpeallachtaí foghlama sábháilte, ionchuimsitheach, sona agus sláintiúil do gach oideachasóir agus foghlaimeoir Eispéireas oideachais agus forbartha den chéad scoth a sholáthar/éascú a thugann deis do gach dalta fás agus bheith ullamh agus rannpháirteach sa tsochaí Córas oideachais den scoth a chuireann ar chumas páistí agus daoine óga bheith ag staidéar, ag maireachtáil agus ag obair mar shaoránaigh ag barr a gcumais.
Is é an Misean atá againn faoi láthair ná: Chun gnóthachtáil a lánacmhainneachta a éascú do leanaí agus do dhaoine óga tríd an bhfoghlaim chun cur le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann I do thuairim, an léiríonn sé seo go cuí an uaillmhian don chóras oideachais in Éirinn? Aon tuairimí breise?
Tugann an ráiteas le fios gur tábhachtaí forbairt na hÉireann thairis forbairt an duine aonair, cé go dtuigtear go bhfuil an dá rud fite fuaite ina chéile. Moltar an bhéim a chur ar fhorbairt shóisialta, teangeolaíoch, chognaíoch an duine, agus é sin de réir leibhéal cumais an duine.

Moltar forbairt teangeolaíoch a chur leis an uaillmhian a bhaineann le forbairt na tíre.

Moltar timpeallacht sona agus sábháilte a éascú, a chuireann le forbairt na folláine.

Moltar tagairt don chóras tumoideachais mar chóras a chothaíonn agus a éascaíonn lánacmhainneacht an dalta/scoláire tríd an mhionteanga/ teanga dhúchas do an-chuid daltaí.

Timpeallacht ina n-ullmhaítear daoine óga le bheith lán-rannpháirteach i sochaí dhinimiciúil.

Córas eiseamláireach a thugann deis do gach páiste agus duine óg a gcuid scileanna agus eolais a leathnú trí dheiseanna foghlama agus taighde den scoth a gcuireann daltaí, a dtuismitheoirí agus an pobal mór luach air.

Is iad na Luachanna dár gcóras oideachais:

Cuirimid an dalta i gcroílár na straitéise oideachais agus na forbartha beartais agus is mór againn an fhoghlaim mar leas an phobail mar gheall ar an ról lárnach atá aici i bhforbairt, i gcomhtháthú agus i bhfolláine na sochaí chuimsithí.

Creidimid go bhfuil ríthábhacht ag baint leis an gcumarsáid oscailte, leis an gcomhairliúchán agus leis an gcomhoibriú le geallsealbhóirí, laistigh den earnáil oideachais agus oiliúna agus leis an bpobal níos forleithne.

Táimid tiomanta do phrionsabal an fheabhsúcháin, na nuálaíochta agus na meastóireachta leanúnaí a bheidh mar bhuntaca le forbairt beartais agus le seachadadh clár atá bunaithe ar fhianaise.

Beidh luachanna uileghabhálacha na Státseirbhíse, arna leagan amach i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse, mar bhuntaca lenár spriocanna a bhaint amach.

Tá luach againn ar ár bhfoireann agus ar gach duine a oibríonn i scoileanna agus i suíomhanna oideachais eile inár gcóras oideachais. Oibrímid chun timpeallacht a chruthú inar féidir le gach duine againn foghlaim, forbairt agus cur le spriocanna an chórais oideachais.

Táimid cuntasach, oscailte don athrú agus measúil inár ndéileálacha leis an bpobal agus le comhghleacaithe oibre.

I do thuairim, an dtugann na luachanna seo atá mar bhonn lenár gcóras oideachais léiriú cruinn ar riachtanais an chórais sa lá inniu agus don am atá le teacht?
An bhfuil aon luachanna eile, dar leat, a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo don chóras oideachais?

Go n-aithnítear agus go bhfreastalaítear ar an gceart atá ag gach uile duine oideachas lán-Ghaeilge a fháil ón naíonra, go bunscoil go hiarbhunscoil.

Go mbeifí tiomanta do chur chuige fianaise-bhunaithe mar bhonn d'fhorbairt polasaithe stáit agus go ndéantar cinntí bunaithe ar an bhfianaise sin leis an leas is fearr a dhéanamh do dhaltaí agus leis na torthaí is fearr a bhaint amach?

Go ndéantar cúram agus oideachas na luath-óige a threisiú le go mbeidh bonn láidir ag páistí ag tús a n-aistir oideachais.

Táimid cuntasach, oscailte don athrú agus measúil inár ndéileálacha leis an bpobal agus le comhghleacaithe oibre. Tá córais láidre rialachais agus freagrachta i bhfeidhm leis seo a chinntiú.

Cuid 2: Athbhreithniú ar an straitéis atá ann faoi láthair. Déan na Spriocanna ó Ráiteas Straitéise 2021-2023 a mheas:

Sprioc 1 **Tacú le soláthar oideachais ardcháilíochta agus feabhas a chur ar an eispéireas foghlama chun freastal ar riachtanais gach dalta, i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta**

Sprioc 2 **Cinnte a dhéanamh de gur ann do chothromas deiseanna san oideachas agus go dtacaítear le gach dalta a lánacmhainneacht a bhaint amach**

Sprioc 3 **In éineacht lenár gcomhpháirtithe, ceannaireacht straitéiseach agus tacaíocht a thabhairt do sheachadadh na gcóras agus an bhonneagair chirt don earnáil**

An dóigh leat go léiríonn na 3 sprioc go cuí na príomhréimsí straitéiseacha don chóras oideachais?
Léiríonn, ach faraor níor léiríodh uaillmhian ná fís shoiléir i dtaca leis na spriocanna sin i gcomhthéacs an chórais oideachais lán-Ghaeilge / Gaeltachta.
Tabhair cuntas ar aon réimsí breise le cur san áireamh nó le feabhsú sna spriocanna.
Sprioc 1: Tá Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge ("POLG") ag staid an fhorbartha faoi láthair agus próiseas comhairliúcháin idir lámha. I gcomhthéacs an oideachais lán-Ghaeilge, ó naíonraí go hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, beidh baint amach Sprioc 1 ag brath go suntasach ar pholasaí láidir a leagann amach fís uaillmhianach don oideachas lán-Ghaeilge agus a fhreagraíonn don iliomad bearnaí agus easnamh atá sa chóras mar atá, ach go

háirithe mar a bhaineann le bunú soláthar úr, freastal go cothrom ar an éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge, soláthar múinteoirí ag an 3 leibhéal, soláthar cuí d'infreastruchtúr tacaíochta do pháistí le RSO.

I gcomhthéacs na naíonraí, ní féidir a rá faoi láthair go bhfuil soláthar oideachais ardcháilíochta nó eispearas foghlama cuí ar fáil ag leanaí go ginearálta lasmuigh den Ghaeltacht de bharr na géarchéime sa soláthar múinteoirí, an easpa maonithe atá ar fáil don earnáil agus an easnamh iomlán atá ann de chóras a chumasaíonn agus a thacaíonn le múinteoirí suíomhanna tumoideachais a reáchtáil trí mheán na Gaeilge. Ní mór bheith uaillmhianach cur le líon na seirbhísí luathbhlianta trí mheán na Gaeilge atá ag cur scoth an oideachais trí mheán na Gaeilge ar fáil.

Sprioc 2: Níl an sprioc seo á bhaint amach d'aon dalta nó páiste ar mian leo / a dtuismitheoirí oideachas lán-Ghaeilge a bheith acu ag an 3 leibhéal. Ag leibhéal na naíonraí, tá dúnadh ag ráta substaintúil de naíonraí ag tarlú de bharr na ndúshlán thuas luaite. Ag leibhéal na mbunscoileanna, tá ró-éileamh ar chéatchodán suntasach de scoileanna, go háirithe i gceantair uirbeacha. Ag leibhéal na n-iar-bhunscoileanna, tá míréir iomlán ann sa mhéid is nach ann do na scoileanna le freastal ar mhórchuid dhaltaí i gceantracha ar leith fud fad na tíre, agus go deimhnin tá 13 contae gan aon soláthar. Fágann sé seo uile go bhfuil oideachas lán-Ghaeilge á séanadh ar na mílte dalta agus scoláire gach bliain. Ní ann don soláthar iar-bhunscoile a thugann an rogha agus an deis do sciar shuntasach do dhaltaí bunscoile leanúint lena gcuid oideachais i scoil lán-Ghaeilge. Ní féidir a rá mar sin go bhfuil cothromas deiseanna ann.

Faoi mar a sheasann sé, níl deis ag páistí uile na tíre seo ar mian leo/lena gcuid tuismitheoirí oideachas lán-Ghaeilge freastal ar naíonra nó scoil lán-Ghaeilge.
Tabharfar spreagadh níos mó do thuismitheoirí oideachas trí mheán na Gaeilge a roghnú má tá sé ar fáil ina gceantar áitiúil. Ní mór cur chuige straitéiseach a bheith ann maidir le soláthar an oideachais lán-Ghaeilge ag na trí leibhéal ar fad, ionas nach mbeidh aon pháiste faoi mhíbhuntáiste tíreolaíoch maidir le teacht ar naíonra nó áit scoile ag an dá leibhéal.

Cuireadh fáilte mhór roimh an leasú a tháinig ar an bpróiseas bunaithe bunscoile sa bhliain 2019, leasú a d'fhág go raibh níos mó deiseanna á gcur ar fáil chun soláthar an Ghaeloideachais ag an mbunleibhéal a mhéadú trí scoileanna nua agus trí bhunscoileanna lán-Ghaeilge atá ann cheana féin a leathnú. Tharla an leasú seo de bharr imscrúdú agus dúshlán dlíthiúil a leagadh roimh an Roinn maidir lena dualgas i leith na teanga.
Níor tharla leasú comhchosúil ag an iar-bhunleibhéal. Ní féidir a rá go bhfeiceann an Roinn Oideachais soláthar iar-bhunoideachais trí mheán na Gaeilge ina thosaíocht. Ní cheart go n-áiritear aonad lán-Ghaeilge i scoil mheán-Bhéarla mar sholáthar d'oideachas lán-Ghaeilge. Ní cothromas deiseanna ann do scoláirí sna haonaid is atá ag na scoláirí sna hiarbhunscoileanna neamhspleácha – trí Ghaeilge nó Béarla.

Tá an córas reatha ag déanamh leithcheala ar dhaltaí ar mian leo aistriú go hiar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ní oibríonn córas iomaíoch idir thuismitheoirí ar mian leo oideachas trí mheán na

Gaeilge agus tuismitheoirí ar mian leo oideachas trí mheán an Bhéarla. Is teanga mhionlaigh í an Ghaeilge, agus dá réir ní féidir í a chur in iomaíocht le mórtheanga labhartha an domhain. Is í an Ghaeilge céad teanga oifigiúil na tíre seo, ní cheart go mbeadh troid, feachtasaíocht agus dua ollmhór i gceist do thuismitheoirí áit a fháil dá bpáistí i scoil lán-Ghaeilge.

Is gá don Stát bheith straitéiseach agus ceannródaíoch agus iar-bhunscolaíocht trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil áit a bhfuil éileamh air. Is gá a chinntiú go bhfuil rogha áitiúil naíonra, bunscoile agus iar-bhunscoile lán-Ghaeilge ar fáil. I gcás na n-iarbhunscoileanna, is scoil neamhspleách atá de dhíth le hinfreastruchtúr ceart chun daltaí a mhealladh (áiseanna spóirt, deiseanna iar-scoile, seach-churaclaim, srl). Tá ga le córas nua bunaithe scoile ag an iar-bhunleibhéal a dhéanann freastal ar riachtanais an phobail ar mian leo tumoideachas dá bpáistí. Ní mór soláthar breise a chur ar fáil le go mbeidh an t-oideachas lán-Ghaeilge mar rogha do gach teaghlach agus go mbeidh ionadaíocht níos leithe ó phobail éagsúla sna naíonraí agus scoileanna. Chuige sin, teastaíonn na polasaithe, treoirlínte agus acmhainní cuí, mar atá molta thíos, a chur ar fáil a chinnteoidh rochtain chothrom ar oideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán do gach teaghlach. Ba chóir go mbeadh teacht ag gach páiste ar áit i naíonra, bunscoil agus iar-bhunscoil lán-Ghaeilge laistigh d'achar taistil réasúnta óna baile. Is é an rogha áitiúil is mó a roghnaítear – rud nach ann dó san oideachas lán-Ghaeilge.

Ba cheart don Stát rogha an oideachais lán-Ghaeilge a normalú mar rogha don phobal ar fad agus feasacht a ardú ar bhuntáistí an tumoideachais. Tá géarghá le feachtas poiblíochta agus fianaise a roinnt ag leibhéal na Roinne maidir le feiliúnacht an chórais tumoideachais do theaghlaigh ó gach cineál cúlra.

Ba chóir treoir chuí agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do naíonraí agus do scoileanna lán-Ghaeilge DEIS maidir leis an gcleachtas is fearr sa tumoideachas, ag cur san áireamh riachtanais an phobail agus leibhéal an mhíbhuntáiste sa cheantar.

Roghnaíonn go leor tuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais speisialta oideachais acu oideachas lán-Ghaeilge dá gclann. Tá méadú mór tagtha ar líon na ranganna speisialta atá ar fáil i scoileanna lán-Ghaeilge le blianta beaga anuas agus líon na bpáistí atá ag fáil buntáistí an oideachais lán-Ghaeilge ó leibhéal an naíonra ar aghaidh.

In ainneoin go bhfuil 26 bhunscoil lán-Ghaeilge a bhfuil ranganna speisialta acu anois, **níl** ach iar-bhunscoil lán-Ghaeilge amháin lasmuigh den Ghaeltacht a bhfuil ranganna speisialta ar fáil inti – rud atá ag cur bac ollmhór ar dhaoine óga leanúint ar aghaidh lena gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge. Teastaíonn soláthar breise agus na tacaíochtaí cuí ón Roinn agus na heagraíochta tacaíochta ar bhonn práinne.

In ainneoin an obair ollmhór dhearfach atá ar siúl ag naíonraí agus scoileanna, tá an easpa clár, idirghabálacha, treoirlínte, acmhainní measúnaithe agus teagaisc trí Ghaeilge atá dírithe go sonrach ar riachtanais speisialta oideachais sa suíomh tumoideachais/dátheangach an-dúshlánach, faraor. Ag leibhéal an naíonra, in ainneoin na bhforálacha agus cuspóirí uaillmhianacha sonraithe sa Scéim Aim, níl na baill foirne bhreise ar fáil le fostú agus níl acmhainní ná tacaíochtaí cuí á gcur ar fáil don earnáil seo ar chor ar bith.

Léiríonn an taighde gur féidir le páistí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais buntáistí a bhaint as an tumoideachas agus an dátheangachas, ach teastaíonn breis seirbhísí tacaíochta agus acmhainní i gcoitinne atá spriocdhírithe ar a gcuid riachtanas leis an gcur chuige ionchuimsitheach a chinntiú agus le dearbhú gur féidir leis na naíonraí agus scoileanna freastal mar is cuí ar na daoine óga seo. Tá sé fíorthábhachtach do na teaghlaigh atá tar éis a gcuid muiníne a chur sa chóras lán-Ghaeilge agus do na teaghlaigh ionchasacha atá ag smaoineamh ar an oideachas lán-Ghaeilge a roghnú go gníomhófar ar na moltaí thíos mar chuid den pholasaí nua seo.

Sprioc 3. Is beag comhtháthú atá ag tarlú, go bhfeictear don phobal, idir rannóga na Roinne Oideachais, agus idir an Roinn Oideachais agus an Roinn Leanaí. Ní léir cén fís nó an bhfuil comhaontú pholasaithe atá ag áisínteachtaí faoi choimirce na Roinne maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge / Gaeltachta.

Tá géarghá le cur chuige iomlánaíoch i leith churaclaim agus measúnaithe mar chuid de pholasaí comhtháite agus comhleanúnach don Ghaeilge sa chóras oideachais ón oideachas luath-óige go dtí an tríú leibhéal.

Caithfidh go mbeidh radharc an mhórphictiúir, agus radharc comhtháite ag creat polasaí d'oideachas Gaeilge agus go leagfadh an polasaí fís chomhleanúnach amach do mhúineadh, d'fhoghlaim agus do mheasúnú na Gaeilge ag gach céim den chóras oideachais. Caithfidh polasaí dá leithéid a chinntiú go mbeidh aon athruithe nó forbairtí a dhéanfar maidir le curaclam agus measúnú na Gaeilge ailínithe go comhleanúnach leis an mórfhís fhadtéarmach, seachas forbairtí a dhéanamh ceann ar cheann, neamhspleách ar a chéile.

Ba cheart go mbainfeadh an polasaí leas as Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) chun tacú le trédhearcacht, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na Gaeilge ó gach céim den chóras oideachais go dtí an chéad chéim eile: Ba cheart go mbeadh sé mar phríomh-sprioc ag polasaí cuimsitheach don Ghaeilge sa chóras oideachais na spriocanna foghlama nó torthaí ginearálta foghlama atá le baint amach ag gach céim den chóras oideachais a aithint, le trédhearcacht, leanúnachas agus dul chun cinn ó leibhéal amháin go leibhéal eile a chinntiú.

Tabhair cuntas ar aon réimsí sna spriocanna nach bhfuil, dar leat, ábhartha a thuilleadh.

Freagra

Cuid 3: Treo Straitéiseach. Déan machnamh air seo i gcomhthéacs na 3 bliana atá le teacht agus mar bhunchloch don phleanáil níos fadtéarmaí.

Cad iad na 3 réimse straitéiseacha is tábhachtaí don chóras oideachais, dar leat, sna blianta atá le teacht?
1) Feidhmiú éifeachtach, trí clár maoinithe cuí Polasaí Oideachais Lán-Ghaeilge atá láidir, críochnúil agus cuimsitheach. San áireamh sa pholasaí seo, leagfaí amach spriocanna agus próisis le haghaidh: • Soláthar leordhóthanach múinteoirí ag an 3 leibhéal le hoiliúint agus inniúlacht chuí sa teanga agus ar an tumoideachas • Méadú ar líon na bpáistí atá ag fáil oideachas trí mheán na Gaeilge trí córas bunaithe naíonraí agus scoileanna nua a thacaíonn le héileamh ar oideachas lán-Ghaeilge • Naíonraí agus scoileanna ag feidhmiú de réir na ndea-chleachtas tumoideachais aitheanta 2) Cur chuige iomlánaíoch i leith churaclaim agus measúnaithe mar chuid de pholasaí comhtháite agus comhleanúnach don Ghaeilge sa chóras oideachais ón oideachas luath-óige go dtí an tríú leibhéal. • Ba cheart go mbainfeadh an polasaí leas as Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) chun tacú le trédhearcacht, leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim na Gaeilge ó gach céim den chóras oideachais go dtí an chéad chéim eile: • Ba cheart an caighdeán inniúlachta sa Ghaeilge a theastaíonn ó mhúinteoirí ag gach leibhéal den chóras oideachais a leagan amach go sonrach. D'fhéadfadh an CEFR an sainmhíniú seo a éascú. • Ba cheart go mbunófar an polasaí ar oideachas ionchuimsitheach a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaltaí, agus nach spreagann / éascaíonn eisiamh. • Ba cheart go mbeadh bunús láidir taighde faoin bpolasaí agus go dtabharfaí aird ar an taighde reatha ar fhoghlaim, ar mheasúnú agus ar chumas na Gaeilge ag leibhéil éagsúla agus i gcomhthéacsanna éagsúla, le tacú le forbairt an pholasaí. • Ní mór fís chomhaontaithe a bheith mar bhunchloch aon fhorbairtí nó leasuithe ar an nGaeilge ó thaobh sonraíochtaí nó am teagmhála leis an teanga ag leibhéal na bunscoile, na sraithe sóisearaí nó sinsearaí. 3) Go ndéanfaí anailís ar an leibhéal tacaíochtaí, idirghabhálacha agus eile atá á chuí ar fáil ag an Roinn agus a cuid áisínteachtaí sa réimse RSO, mar a bhaineann le tacaíocht do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus páistí atá sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Go bhforbrófaí an t-infreastruchtúr tacaíochta chun go mbeidh soláthar do mhúinteoirí tacaíochta foghalam, cúntóirí riachtanais speisialta, síceolaithe oideachais, síceolaithe cliniciúla atá oilte agus inniúil ar an gcóras tumoideachais agus ar na riachtanais atá ag cainteoirí dúchais, páistí dhátheangacha agus foghlaimeoirí nua sa Ghaeilge.
Cad iad na réimsí, dar leat, ina bhfuil gá le fócas straitéiseach níos mó?

1) Ionchuimistheacht an chórais oideachais – tacaíocht bhreise le cinntiú go mbaintear na torthaí foghlama agus forbartha is fearr amach do dhaltaí a bhfuil riachtanais faoi leith acu/do gach dalta.
    a. Acmhainní agus treoirlínte cleachtais breise a chur ar fáil a thacaíonn le hionchuimsiú agus foghlaim scoláirí a bhfuil riachtanais faoi leith acu le barr a gcumais a bhaint amach
    b. Tacaíocht bhreise do scoileanna lán-Ghaeilge trí scéim GTB a bhunú – Samhail EAL le **Múinteoir Gaeilge mar Theanga Bhreise** do dhaltaí nach í an Ghaeilge a gcéad teanga.
    c. Tacú le forbairt agus foghlaim daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus cinntiú go bhfuil infreastruchtúr cuí ar fáil a thacaíonn leo aistriú idir na leibhéil agus ar aghaidh chuig deiseanna breisoideachais nó fostaíochta ina dhiaidh sin.
    d. Tacaíocht bhreise sna scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta chun tacú le páistí ó thíortha eile, msh an úcráin, bláthú i suíomh tumoideachais.
    e. Tacaíocht bhreise, treoirlínte agus acmhainní spriocdhírithe ar scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bhfuil stádas DEIS acu a thógann leibhéal míbhuntáiste an cheantair agus cúinsí teanga na scoile san áireamh.
2) Fís agus plean soiléir do theagasc agus d'fhoghlaim na Gaeilge sa tír seo ó naíonraí go bunscoileanna go hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge.
3) Cothrom na féinne dóibh siúd ar mian leo oideachas lán-Ghaeilge trí naíonraí / scoileanna a bheith ar fáil do gach páiste, i suíomhanna láidir tumoideachais, le soláthar múinteoirí leordhóthanach, oilte agus inniúil ar an gcóras tumoideachais.
4) Forbairt seirbhísí tacaíochta chun cabhrú le páistí dul i ngleic leis an saol go dearfach agus chun cur lena gcuid folláine mheabhrach, fhisiciúil agus mhothúchánach.

Luaigh réimse amháin ina bhfuil, dar leat, an deis is mó d'fhorbairt straitéiseach san oideachas thar na 3 bliana atá le teacht?

Polasaí Oideachais Lán-Ghaeilge atá láidir, críochnúil agus cuimsitheach a bhfuil de chumas aige fáiltiú roimh gach páiste, beag beann ar chúlra teangeolaíoch, eacnamaíochta, sóisialta, agus a bhronann buntáistí uile an dátheangachais / ilteangachais ar gach páiste, chun a leasa féin pearsanta agus chun leasa forbairt na sochaí agus an gheilleagair.

Soláthar múinteoirí – Tríd agus tríd, is é soláthar múinteoirí an t-ábhar imní is mó sna scoileanna. Níl aon mhaolú ar an ngéarchéim go fóill. Tá géarchéim ann ar dhá leibhéal – 1) an soláthar reatha de mhúinteoirí ag an trí leibhéal – naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus 2) an laghdú sa tarraingteacht a bhaineann le gairm an mhúinteora in Éirinn, le hais tíortha eile. Is

géarchéim earcaíochta agus coinneála, agus is géire i bhfad an dúshlán san earnáil lán-Ghaeilge, áit a bhfuil inniúlacht chuí sa teanga de dhíth agus saintuiscint ar an gcóras tumoideachais. Tá iliomad cúiseanna leis an staid reatha agus tá réimse leathan de réitigh. I measc na réitigh a fheictear don chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, áirítear:

1. **An bunsoláthar reatha múinteoirí a fheabhsú** - an líon daoine atá ag roghnú gairm an mhúinteora a mhéadú agus breis áiteanna a chur ar fáil ar na cúrsaí oiliúna trí mheán na Gaeilge
2. **An bhunoiliúint tosaigh a fhaigheann gach múinteoir a fheabhsú** le cinntiú go bhfuil múinteoirí réidh agus inniúil don seomra ranga lán-Ghaeilge trí:
   a. cúrsaí agus modúil riachtanacha faoi leith atá dírithe ar an gcóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta a bheith ar fáil
   b. tréimhse Ghaeltachta éigeantach do gach múinteoir faoi oiliúint – fad, costas, eispéaras
   c. córas measúnaithe comónta a dheimhníonn caighdeán sa Ghaeilge ag teacht amach as na coláistí oiliúna
   d. tacaíochtaí cuí teanga an chur ar fáil do mhúinteoirí faoi oiliúint ar a n-áirítear dianchúrsaí srl.
   e. go ndéanann gach mac léinn socrúchán scoile i scoileanna lán-Ghaeilge / Gaeltachta - ag áireamh socrúchán malartach scoile agus liosta cuimsitheach roghanna bheith ar fáil
3. **Go coinnítear an soláthar reatha múinteoirí atá againn trí thacaíocht bhreise** a chur ar fáil:
   a. Forbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán atá in oiriúint do riachtanais an chórais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta
   b. Ní mór an liúntas a thabhairt ar ais do mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta mar aitheantas ar an ualach breise oibre agus ar an luach a thugann na múinteoirí don teanga.
4. Córas / gréasán meantóireachta do mhúinteoirí nua-cháilithe sa suíomh tumoideachais
5. Eile:
   a. Tá gá le córas cuí soláthar múinteoirí don oideachas lán-Ghaeilge (creat cáilíochta don tumoideachas; caighdeán ar an bhfráma Eorpach mar chritéar ceapacháin; painéil ar leith do mhúinteoirí sa chóras lán-Ghaeilge, srl).
   b. Ní mór go dtógfar na scoileanna lán-Ghaeilge san áireamh san anailís chuimsitheach náisiúnta ar chúrsaí soláthair (a fhoilseoidh an Roinn 2023). Níl léargas cruinn ann ar leibhéal na ndúshlán reatha ná don todhchaí de bharr an easnaimh seo.

Cuid 4: Eolas breise

Tabhair cuntas ar aon eolas breise nó ar aon bhreithnithe breise maidir le forbairt an Ráitis Straitéise
Tionscadal Taighde Gníomhaíochta do Chnuasaigh Scoileanna Moltar infheistíocht bhreise sa Tionscadal Taighde Gníomhaíochta do Chnuasaigh Scoileanna Beaga scéim na scoileanna beaga, a bhfuil mar aidhm aici ná triail a bhaint as bealaí nuálacha chun tacú le scoileanna beaga agus aitheantas a thabhairt don luach a bhaineann leo ina bpobail chun críche leathnú sna ndeiseanna a eascróidh as an scéim phíolótach seo do phobail tuaithe eile. **Tacaíochtaí do pháistí ón Úcráin** Saincheist eile san earnáil agus atá tuartha le méadú ná conas cúram ceart oideachasúil agus daonnúil a thabhairt do theifigh agus daoine nua isteach sa tír ar chúiseanna éagsúla, éigeandáil ina measc. D'athraigh cogaidh an úcráin tírdhreach an oideachais i go leor bealaí, agus bhí go leor a bhí an-dearfach faoin bhforbairt seo do na páistí agus don chóras. Chuir na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta fáilte mór croíúil rompu agus léirigh cumas teacht aniar den chéad scoth. Rinne Gaeloideachas iarracht eolas agus acmhainní tacaíochta i nGaeilge agus i dteanga na bpáistí agus a dtuismitheoirí a chur ar fáil dóibh siúd a bhí lonnaithe i gceantracha Gaeltachta agus a lasmuigh di ach a shocraigh freastal ar scoil le córas tumoideachais i bhfeidhm ann le iad a chur ar a suaimhneas maidir lena gcuid páistí a bheith sa chóras tumoideachais Gaeilge. Níorbh leor na tacaíochtaí ó Gaeloideachas ná ón Roinn Oideachais áfach chun teacht I dtír ar na dúshláin agus na constaic theangacha a bhí rompu. Ní leor na tacaíochtaí atá á gcur ar fáil do na scoileanna agus iad ag iarraidh plé go dearfach ní amháin le leas gach pháiste, cúram daonnúil a dhéanamh, freastal ar pháistí le RSO, seirbhísí síceolaíochta agus eile a chur ar fáil, ach sa mbreis air sin sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ní mór plé leis an gcoimhlint nádúrtha atá ann idir na páistí a thumadh sa Ghaeilge, ach ag an am céanna an Ghaeilge a choinneáil mar theanga na cumarsáide agus an churaclaim. Is ceist leochaileach í, agus is ceist an-tábhachtach í a chuirfidh an-chuid brú ar an gcóras sna blianta romhainn. Ní mór don Roinn bainistíocht bheacht a dhéanamh ar an suíomh ina bhfuilimid chun nach méadófar ar aon teannas atá sa phobal nó sna scoileanna ina bhfuil córas tumoideachais i bhfeidhm ach nach bhfuil na tacaíochtaí cearta teanga á dtabhairt do na páistí ná na múinteoirí. Anuas ar sin, ní mór breathnú ar phoist freagrachta a cheadú a thabharfadh an deis do scoileanna na suíomhanna seo a bhainistiú go héifeachtach agus go daonnachtúil. **Tacaíochtaí sa réimse Sláinte Meabhrach** Leis an méadú suntasach ar dhúshláin a bhaineann le folláine shochmhothúchánach na ndaltai/scoláiri, tá géarghá le cur chuige solúbtha agus nuálaíoch a fhorbairt le teacht I dtír ar an iliomaid dhúshláin atá ann agus an t-easnamh atá san infreastrhcutúr tacaíochta.

Aithnítear go bhfuil soláthar déanta sa cháinaisnéis do sheirbhísi bhreise sna bunscoileanna ach tá gá le sainsheirbhísí chomhairleoireachta agus seirbhísí teiripeacha a thabhairt isteach sna hiarbhunscoileanna, tráth a thagann an-chuid dúshláin chun solais. Do pháistí atá sa chóras oideachais lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, is gá go mbeadh na seirbhísi seo ar fáil trí Ghaeilge.

Go raibh maith agat as am a ghlacadh chun é seo a chomhlánú. Is mór againn d'ionchur agus b'fhéidir go dtiocfaimid ar ais chugat le haghaidh soiléirithe nó tuilleadh eolais ar a bhfuil thuas.

Má tá aon cheisteanna agat, déan teagmháil l